2-5 Plás Warrington,
Baile Átha Cliath 2, Éire
2-5 Warrington Place,
Dublin 2, Ireland

T: + 353 (0)1 644 1200
F: + 353 (0)1 644 1299
E: info@bai.ie
W: www.bai.ie

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

Cuntasóir Grád I

Cur Síos ar an Ról

Folúntas (1)

Tá folúntas láithreach ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) do Chuntasóir Grád 1 ar bhonn buan, lánaimseartha.

Maidir leis an Ról seo

Mar bhall d'fhoireann Airgeadais agus Rialachais atá ag leathnú, beidh tú ag dul isteach in Údarás Craolacháin na hÉireann ag tráth an-spreagúil ina bhfuil athrú uaillmhianach agus suntasach do rialáil na meán. Laistigh den BAI ar dtús agus sa rialtóir meán nua Coimisiún na Meán, a bhunófar in 2023, beidh tú i gceannas ar an bhFoireann Airgeadais maidir le straitéisí, beartais agus nósanna imeachta Airgeadais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus ardchaighdeáin rialachais agus tuairiscithe airgeadais a chinntiú.

Tugann an post deis do ghairmí uaillmhianach, díograiseach agus tiomanta, a bhfuil tiomantas láidir aige freastal ar leas an phobail le sáreolas oibre ar bhainistiú airgeadais, chomh maith le cuntas teiste cruthaithe i mbainistíocht straitéiseach airgeadais, tionchar a imirt ar fhorbairt an dea-chleachtais, creata agus cleachtais airgeadais atá trédhearcach agus cuntasach a fhorbairt agus cur lena fhorbairt ionas gur féidir le Coimisiún na Meán a oibleagáidí rialachais airgeadais a chomhlíonadh maidir le sochaí dhinimiciúil ilmheán agus nua-aimseartha a rialáil.

Ról cumaisc a bheidh anseo a chuimseoidh obair ón mbaile agus san oifig, lonnaithe, i dtús, ag oifigí Údarás Craolacháin na hÉireann i bPlás Warrington, Baile Átha Cliath 2.

Todhchaí Rialáil na Meán: Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) agus Coimisiún na Meán (CnaM)

Is é Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) an eagraíocht a bheidh ag fostú an té a cheapfar. Is é Údarás Craolacháin na hÉireann rialtóir na hÉireann i dtaca le seirbhísí raidió agus teilifíse dúchasacha. Táthar ag súil agus go ndíscaoilfí Údarás Craolacháin na hÉireann i dtús na bliana 2023 agus aistreofar a fheidhmeanna agus an fhoireann aige chuig an rialtóir meán nuabhunaithe, Coimisiún na Meán (CnaM), a

leanfaidh le feidhmeanna reatha Údarás Craolacháin na hÉireann, mar aon le creata rialála nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh earnáil meán níos leithne, lena n-áirítear meáin ar líne.

Is féidir teacht ar eolas tábhachtach eile maidir le feidhmeanna reatha Údarás Craolacháin na hÉireann agus maidir leis na feidhmeanna atáthar ag súil agus go gcomhlíonfaidh CnaM in **Aguisín 1.** Tugtar cuireadh d'iarrthóirí iad féin a chur ar an eolas maidir leis an eolas atá le fáil ansin.

Próifíl agus Príomhfhreagrachtaí an Phoist

Agus tú ag tuairisciú don Stiúrthóir Rialachais agus Airgeadais, beidh ról bainistíochta sinsearaí agat maidir le hoibriú éifeachtach na feidhme Airgeadais a mhaoirsiú agus a chinntiú, laistigh den BAI ar dtús agus ina dhiaidh sin in CnaM, nuair a bhunófar í. Tá an eagraíocht ag forbairt agus ag teacht chun cinn i rith an ama agus, chuige sin, is dócha go mbeidh gá le solúbthacht maidir le leithdháileadh dualgas ar leith. Dá réir sin, níl liosta na ndualgas a shonraítear thíos eisiach ná sriantach agus féadfar dualgais a chur leis nó a bhaint.

Beidh an méid seo a leanas i measc phríomhdhualgais an róil, ach d'fhéadfadh nach iad amháin a bheidh i gceist:

Bainistíocht Airgeadais Straitéiseach

- Beartais agus nósanna imeachta dea-chleachtais a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cuspóirí straitéiseacha CnaM a bhaint amach i ndáil lena fheidhmeanna Airgeadais.
- Nósanna imeachta agus córais a dhearadh agus a chur chun feidhme chun comhlíonadh oibleagáidí buiséadaithe reachtúla, comhlíonta airgeadais, tuairiscithe agus rialachais CnaM a áirithiú.
- Faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh CnaM agus athruithe a dhéanamh de réir mar is iomchuí ar an timpeallacht rialaithe airgeadais chun éifeachtacht na gcóras sin a fheabhsú.

Maoirseacht agus Bainistíocht Airgeadais

Aistriú Údarás Craolacháin na hÉireann

- Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas chun tobhach an BAI a fhoirceannadh.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Phlean Díscaoilte Airgeadais an BAI.
- Tacaíocht agus ionchur san obair airgeadais a dhéanann aon Ghrúpaí oibre um Idirthréimhse de chuid an BAI/na Roinne.

Bainistiú Iniúchóireachta agus Riosca

- Maoirseacht agus comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh CnaM (ar dtús, BAI), lena n-áirítear moltaí a chur i bhfeidhm, tuarascálacha iniúchóireachta a athbhreithniú agus a thabhairt chun críche agus freagairtí bainistíochta a dhréachtú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú phróiseas iniúchta sheachtraigh C&AG, lena n-áirítear athbhreithniú agus bailchríoch a chur ar an bpríomhcháipéisíocht atá le soláthar, bailchríoch a chur ar thuarascálacha iniúchóireachta, freagairtí bainistíochta a dhréachtú agus moltaí a chur i bhfeidhm de réir mar is gá.
- Gach riosca airgeadais a aithint, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú go héifeachtach agus nuashonruithe riosca agus tuairiscí a chur ar fáil don Phríomhoifigeach Riosca de réir mar is gá.
- A áirithiú go gcomhlíonann nósanna imeachta airgeadais agus tuairiscithe CnaM ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

Oibríochtaí Airgeadais

- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt, cur i bhfeidhm, riarachán, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chóras nó ar chórais tobhaigh i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht OSMR.
- Maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí laethúla CnaM den fheidhm Airgeadais (lena n-áirítear párolla, cuntais iníoctha, réitigh bhainc, íocaíocht deontas, tuairisceáin ón Roinn agus ó na Coimisinéirí Ioncaim).
- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht laethúil an Chisteáin CNAM (an BAI ar dtús), lena n-áirítear réamh-mheastacháin sreafa airgid agus infheistíochtaí
- Monatóireacht chúramach a dhéanamh ar chaiteachas i gcoinne buiséid agus éiteas ‘luach ar airgead’ a thiomáint laistigh den fhoireann Airgeadais agus airgeadas a bhainistiú laistigh den bhuiséad foriomlán de réir na gcaighdeán cuntasaíochta airgeadais poiblí.
- Tarraingt anuas mhaoiniú an Státchiste ó DTCAGSM a bhainistiú, agus córais tobhaigh á mbunú, de réir riachtanais Chiorclán 13/2014,
- Feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach an chórais/na gcóras Bainistíochta Airgeadais a áirithiú, lena n-áirítear barrfheabhsú na feidhmiúlachta d’eagraíocht atá ag athrú agus atá ag fás.

Buiséid agus Tuairisciú Airgeadais

- Maoirseacht a dhéanamh ar bhuiséid bhliantúla agus réamhtheilgthe CnaM a ullmhú.
- Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chórais bhuiséid CnaM agus tuairisciú airgeadais, anailís airgeadais agus KPInna a sheachadadh do na Coimisinéirí.
- Anailís a dhéanamh ar thuarascálacha bainistíochta airgeadais CnaM do gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus iad a shíniú.

- Cuntais airgeadais reachtúla CnaM agus réamh-mheastacháin airgeadais ilbhliantúla a ullmhú.
- Tuairiscí insinte a ullmhú lena gcur faoi bhráid na gCoimisinéirí agus an Chathaoirligh Feidhmiúcháin maidir leis an méid thuas de réir mar is gá.

Bainistíocht Daoine

- Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht na foirne Airgeadais chun oibriú éifeachtúil agus éifeachtach na feidhme a chinntiú, lena n-áirítear riachtanais oiliúna agus forbartha a shainaithint de réir mar is cuí.
- Samhail d'fhorbairt Bainistíochta Feidhmíochta don fhoireann ag forbairt riachtanais scileanna na foirne agus baill foirne meantóireachta agus cóitseála chun a n-acmhainneacht a fhorbairt.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis AD chun a chinntiú go gcuirtear córais chuí airgeadais TFC agus oiliúint airgeadais eile ar fáil, de réir mar is cuí, do gach ball foirne.

Áireofar sa ról freisin cibé dualgais eile a d'fhéadfadh a bheith réasúnach agus a shannfaidh an Stiúrthóir Rialachais agus Airgeadais agus/nó an Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta ó am go ham.

Taithí, Scileanna, Eolas agus Cáilíochtaí

Beidh an méid seo a leanas ag an iarrthóir idéalach/beidh siad ina:

- Cuntasóir láncháilithe (ACA nó a choibhéis).
- Taithí A shuntasach (3-5 mbliana) i ról ardbhainistíochta agus i ról sinsearach airgeadais.
- Deimhniú Bainistíochta Tionscadal.
- Cumas cruthaithe chun cur le bainistíocht shinsearach ghinearálta agus saincheisteanna straitéiseacha lasmuigh de shrianta na feidhme.
- Dea-theist, a bhfuil cruthúnas air, maidir le cultúr agus cleachtais i dtaca le feabhas leanúnach trí smaoineamh nuálach a chothú.
- Taithí ar bhainistíocht líne a dhéanamh ar fheidhmeanna airgeadais casta agus ar fheabhas agus athruithe dearfacha i dtaobh airgeadais nó cuntasaíochta a thiomáint ar aghaidh laistigh d'eagraíochtaí móra, laistigh den earnáil phoiblí nó struchtúir eagraíochtúla dá leithéid, go hidéalach,
- Eolas den scoth ar mhodhanna cuntasaíochta, ar nósanna imeachta, ar phróisis agus ar theicnící agus prionsabail chuntasaíochta bainistíochta comhaimseartha.
- Sárscileanna cumarsáide agus cumas, a bhfuil cruthúnas air, maidir le caidrimh dhearfacha a chruthú le páirtithe leasmhara ag gach leibhéal.
- Eolas inléirithe ar chórais ábhartha airgeadais TFC.

- Eolas agus tuiscint, gur féidir a léiriú, maidir leis an gcreat reachtúil, rialúcháin agus beartais faoina bhfeidhmeoidh CnaM.

Príomhinniúlachtaí — Cuntasóir Grád I

Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann Creat Inniúlachta le haghaidh gach Grád. Tá sonraí Chreat Inniúlachta an BAI do ról an Chuntasóra Grád I/Príomhoifigeach Cúnta faoi iamh (féach **Aguisín 2**). Go hachomair, bheifí ag súil leis na hinniúlachtaí seo a leanas ó Phríomhoifigeach Cúnta Údarás Craolacháin na hÉireann:

Smaointeoireacht Straitéiseach
Cinnteoireacht
Réiteach Fadhbanna
Éifeachtacht le hAcmhainní
Fócas ar Pháirtithe Leasmhara
Bainistíocht Daoine
Cumarsáid Shoiléir
Obair Foirne
Solúbthacht
Foghlaim & Feabhsú

Ceanglaítear ar iarratasóirí Foirm Inniúlachtaí a chomhlánú. Tá an Fhoirm seo ar fáil le híoslódáil anseo.

An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe

Más suim leat cur isteach ar cheann amháin den dá phost, cuir an méid seo a leanas isteach:

- **Cúrsa Beatha cuimsitheach**
- **Foirm Inniúlachtaí chomhlánaithe**
- **Litir chumhdaigh / ráiteas pearsanta gairid** *(.i. gan é níos mó ná 2 leathanach)* ina dtugtar breac-chuntas ar na cúiseanna ar mhian leat go gcuimhneofaí ort le haghaidh an phoist agus ar na slite ar dóigh leat go gcomhlíonann do chuid scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist.

Tá RSM Ireland Business Advisory Limited (t/a RSM Ireland) ag bainistiú gach gné den phróiseas earcaíochta thar ceann an BAI. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an bpróiseas earcaíochta seo a chur chuig mediaregulationjobs@rsmireland.ie

Ní mór gach iarratas a chur isteach tríd an nasc iarratais thíos. Tabharfar chuig tairseach iarratais don phost seo thú, áit a n-iarrfar ort faisnéis teagmhála a chur isteach in éineacht leis na doiciméid atá sonraithe thuas.

Nasc Iarratais:
https://www.candidatemanager.net/cm/p/pApply.aspx?mid=YGTFD&sid=YCXCXF&jid=GTUGTBAZU&a=rcxgpwoWEZc%253d&b=PRW3FklbgiM%253d

Spriocdháta

Caithfear d'iarratas a leagan isteach roimh **mheán lae ar an Luan 27 Feabhra 2023.**

Ní ghlacfar le haon iarratas i ndiaidh an spriocdháta.

Próiseas Measúnaithe agus Roghnúcháin

Beidh an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseas measúnaithe agus roghnúcháin:

- gearrliostú na n-iarrthóirí, bunaithe ar an eolas ina n-iarratais;
- agallamh ag an gcéad chéim: agallamh iomaíoch bunaithe ar eolas, taithí, agus inniúlachtaí;
- d'fhéadfadh cur i láthair a bheith san áireamh in agallamh ag an dara céim (cuirfear sonraí maidir lena leithéid ar fáil roimh ré).

Tabharfar scór d'iarrthóirí bunaithe ar a bhfreagraí san agallamh agus ar a gcur i láthair, nuair a bhaineann a leithéid, agus ceapfar an t-iarrthóir cáilitheach is airde scór do na poist atá ar fáil.

Is fostóir comhdheiseanna é Údarás Craolacháin na hÉireann agus fáiltíonn Údarás Craolacháin na hÉireann roimh iarratais ó iarrthóirí ó chúlraí éagsúla. Más féidir linn aon fhorálacha a dhéanamh duit tabhair breac-chuntas orthu sa chuid chuí den fhoirm iarratais. Coimeádfar gach eolas a nochtar faoi rún.

Téarmaí agus Coinníollacha Tábhachtacha an Phoist

Príomhchoinníollacha seirbhíse a bhaineann leis na poist atá sa mhéid seo a leanas:

Tionacht

Ofráiltear an post seo ar bhonn buan inphinsin. Sa tréimhse eatramhach sula mbunófar an Coimisiún go foirmiúil, tá sé beartaithe go mbeadh Údarás Craolacháin na hÉireann mar údarás fostaíochta d'fhoireann Choimisiún na Meán. Is féidir leis an iarrthóir rathúil a bheith ag súil le haistriú chuig an gCoimisiún (nuair a bhunófar é) de réir mar a fhoráiltear san Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022.

Suíomh

Beidh ceanncheathrú Údarás Craolacháin na hÉireann agus Coimisiún na Meán ag 2/5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath, D02 XP29. Táthar ag súil go mbogfaidh CnaM chuig an gceanncheathrú nua i 2023.

Grád agus Scála Pá
Tá an post seo ag grád an Príomhoifigigh (Caighdeánach) agus baineann a scála pá seo a leanas leis:

Cuntasóir Grád I PPC (Ranníocaíocht Phearsanta Inphinsin):
€77,114 €79,534 €81,963 €84,383 €86,803 €89,682 €92,959 €96,238

Cuntasóir Grád I Neamh-PC (Ranníocaíocht Phearsanta Inphinsin):
€73,306 €75,556 €77,863 €80,168 €82,462 €85,196 €88,313 €91,428

Uaireanta Oibre
Tá 35 uair an chloig oibre in aghaidh na seachtaine i gceist agus leagtar amach iad i dtreoir leis an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus Ciorclán 14/22.

Saoire Bhliantúil
Beidh 30 lá de shaoire bhliantúil in aghaidh na bliana i gceist, bunaithe ar sheachtain oibre 5 lá agus níl laethanta saoire poiblí reachtúla san áireamh leis sin.

Aoisliúntais
Ofrálfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí don iarrthóir rathúil de réir mar a bheidh i bhfeidhm in Údarás Craolacháin na hÉireann tráth a ofrálfar an ceapachán. Go ginearálta ofrálfar ceapachán bunaithe ar bhallraíocht sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") do dhuine a cheapfar nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí cheana. Tá sonraí uile na Scéime le fáil ag:
www.singlepensionscheme.gov.ie

San áit gur oibrigh an té a cheapfar i bpost inphinsin (nach téarmaí na Scéime Aonair a bhí i gceist leis) sa tseirbhís phoiblí sa 26 seachtaine sula gceaptar iad nó má bhíonn siad ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le/gan phá, d'fhéadfadh téarmaí difriúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht pinsin ceapacháin dá leithéid ar chomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Fostaíocht Sheachtrach
Is post lánaimseartha é seo agus ní fhéadfaidh an t-oifigeach dul i ngleic le cleachtas príobháideach nó a bheith ceangailte le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar dhéanamh a dhualgas oifigiúil.

Incháilitheacht
Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil saoránaigh de chuid an Ríocht Aontaithe agus Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA), nó náisiúnaigh nach ón EEA dóibh a chomhlíonann na critéir ábhartha,

incháilithe cur isteach ar phoist. Chun oibriú in Éirinn, bíonn ceadúnas fostaíochta bailí de dhíth ar náisiúnaigh nach ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa dóibh murach go bhfuil díolúine acu faoi chead an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is é atá i Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa ná Ballstáit de chuid an Aontais Eorpach mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Is féidir le saoránaigh de chuid na hEilvéise iarratas a dhéanamh chomh maith faoi chomhaontuithe AE.

Tá eolas maidir le reachtaíocht agus treoracha maidir leis na nósanna imeachta i dtaca le ceadúnais cárta glas, ceadúnais oibre, agus ceadúnais chéile/cleithiúnaithe a fháil ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta. https://dbei.gov.ie/en/What-We-Do/Workplace-andSkills/Employment-Permits/

Beidh ar iarrthóirí fíorú saoránachta, incháilitheachta agus cáilíochta i bhfoirm atá inghlactha de réir Údarás Craolacháin na hÉireann a chur ar fáil.

Aguisín a hAon

Eolas maidir le hÚdarás Craolacháin na hÉireann agus Coimisiún na Meán

1. Údarás Craolacháin na hÉireann

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ("an tÚdarás") faoin Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht") ar an 1 Deireadh Fómhair 2009, mar an rialtóir neamhspleách le haghaidh seirbhísí craoltóireachta raidió agus teilifíse in Éirinn. Leagtar amach san Acht réimse spriocanna ginearálta agus sonracha don Údarás agus sainítear go ndéanfaidh an tÚdarás "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiúin agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;
- go dtacófar leis an bhfiúntas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann le cosaint saoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Eisíonn an tÚdarás Ráiteas Straitéise gach trí bliana ina leagtar amach fís an Údaráis, a mhisean, a luachanna, a téamaí straitéiseacha agus a spriocanna gaolmhara agus a PTFanna. Mar a chuirtear in iúl i Ráiteas Straitéise reatha Údarás Craolacháin na hÉireann 2021-2023,[1] is é fís an Údaráis *tírdhreach meán a bheith in Éirinn a léiríonn agus a mhúnlaíonn muid mar dhaoine.*

Faoin straitéis reatha, titeann obair Údarás Craolacháin na hÉireann faoi scáth cúig mhórthéama straitéiseacha:

i) An Éagsúlacht agus an Iolracht a Chur chun cinn
ii) Sármhaitheas agus Cuntasacht a Bhaint Amach
iii) Ceannaireacht le linn Athraithe
iv) Lucht Éisteachta/Féachana a Chumhachtú agus
v) Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht na hEarnála a Fheabhsú

Cuimsíonn an Téama Straitéiseach dar teideal '*Ceannaireacht le linn Athraithe'* obair Aistrithe Údarás Craolacháin na hÉireann agus iad ag cur i gcóir le haghaidh comhtháthaithe sa Choimisiún nua. Aithníonn an Téama seo ról Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le comhairleoireacht agus cumarsáid maidir le forbairt agus éabhlóidiú na dtírdhreach craolacháin agus rialúcháin agus maidir le tionchar a imirt orthu. Baineann na cuspóirí seo a leanas leis an Téama seo:

[1] Ar fáil ar líne ag https://www.bai.ie/ga/nuacht-eolas/fiolseachain/

1. Díospóireacht a threorú agus tionchar a imirt ar fhorbairt beartais faoi thodhchaí an chreata reachtaíochta agus rialúcháin le haghaidh seirbhísí craolacháin meán.

2. Freagairt d'fhorbairtí sa timpeallacht níos leithne, athrú de réir na bhforbairtí céanna agus cumarsáid a dhéanamh ina leith, ag ullmhú do thionchar eagraíochtúil, earnála agus luchta féachana agus éisteachta agus measúnú a dhéanamh orthu.

3. Na baill foirne a threorú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais, cleachtais agus próisis Údarás Chraolacháin na hÉireann maidir le hullmhúchán le haghaidh comhtháthú le Coimisiún nua na Meán.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann comhdhéanta den Bhord ("An tÚdarás") agus dhá choiste reachtúla – an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh – agus fochoiste de chuid an Údaráis, an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca. Tacaíonn Feidhmeannach Údarás Craolacháin na hÉireann le gach gné d'obair na heagraíochta.

Treoraíonn Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh (OPF), atá comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach (PF) agus beirt Phríomhoifigeach (Príomhfheidhmeannaigh Chúnta), obair Údarás Craolacháin na hÉireann. Tacaíonn foireann bainisteoirí sinsearacha le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh, agus déanfaidh siad formhaoirseacht ar chur i bhfeidhm straitéis Údarás Craolacháin na hÉireann agus ar fheidhmeanna reachtúla, ar phleanáil oibre agus ar chur i bhfeidhm agus bainistíocht acmhainní na heagraíochta, i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Úsáideann an tÚdarás struchtúr maitríse ina n-oibríonn gach ball foirne go solúbtha i nach réimse gnímh de réir riachtanas gnó.

2. Coimisiún na Meán

Díscaoilfidh an tAcht um Rialáil Sábháilteachta agus Meán ar Líne 2022 Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ), nuair a chuirfear i bhfeidhm é, trasuífidh sé an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (an Treoir SMCA) athbhreithnithe, cuirfidh sé creat rialála nuashonraithe ar fáil le haghaidh seirbhísí craolacháin agus seirbhísí closamhairc ar éileamh, agus bunóidh sé an creat rialála le haghaidh sábháilteacht ar líne.

Bunófar leis an Acht Rialtóir neamhspleách nua, Coimisiún na Meán (An Coimisiún), chun maoirseacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar na creataí rialála nua agus nuashonraithe agus chun ról lárnach a imirt i bhforbairt agus i maoiniú earnáil na meán i gcoitinne. Cumfaidh Coimisiún na Meán Ciste Meán agus cuirfidh sé i bhfeidhm é, i dtreoir leis na moltaí ó Choimisiún Thodhchaí na Meán, le réimse scéimeanna chun tacú le hinneachar seirbhíse poiblí agus le digitiú san earnáil. Cuirfidh sé comhairle ar an Aire maidir le cruthú Tobhach Saothar Eorpach chun saothair nua closamhairc a mhaoiniú i dtreoir le forálacha an Acht um Shábháilteacht ar Líne agus um Rialáil na Meán. Beidh príomhról ag an gCoimisiún i

gcomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú níos fearr a spreagadh sna meáin agus i dtacú le hinbhuanaitheacht trí thionscnaimh chomhshaoil san earnáil meán níos leithne tríd síos. I gcomhar le comhlachtaí eile, beidh ról láidir ag an gCoimisiún i dtaobh tacú leis an nGaeilge i seirbhísí meán agus i gcur chun cinn tionscnaimh oideachasúla agus oiliúna, go háirithe i dtaobh sábháilteacht ar líne agus tuiscint ar na meáin.

I bhfianaise an chreata rialála le haghaidh rialáil meán agus seirbhísí ar líne, a ndearnadh leathnú suntasach air, de réir mar a leagadh amach é san Acht, bunófar Coimisiún na Meán mar choimisiún ina mbeidh níos mó ná duine amháin, a threoróidh triúr Coimisinéirí ar dtús, is iad sin Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne, Coimisinéir Forbartha Meán agus Coimisinéir Craolacháin mar aon le Cathaoirleach Feidhmiúcháin. Féadfaidh an Coimisiún feidhmeanna áirithe dá chuid a dháileadh ar Choimisinéirí aonair, ach beidh siad fós freagrach don Choimisiúin mar chomh-chomhlacht.

Feidhmeoidh an Coimisiún mar chomh-chomhlacht cinnteoireachta i dtaca le roinnt príomhfheidhmeanna, lena n-áirítear:

- cinneadh téarmaí agus coinníollacha na foirne agus líon na foirne, faoi réir toiliú na nAirí ábhartha agus ullmhú ráiteas straitéise, tuarascáil bhliantúil agus clár oibre an Choimisiúin;
- breithniúchán deiridh ar ghearáin maidir le seirbhísí físe ar éileamh agus seirbhísí craolacháin;
- cumhachtaí an Choimisiúin i dtaca le fiosrúcháin agus smachtbhannaí;
- cúrsaí a bhaineann le conarthaí craolacháin; agus,
- cúrsaí a bhaineann le ról an Choimisiúin maidir le scrúduithe iomlána ar chumasc meán a dhéanamh faoi Chuid 3A den Acht Iomaíochta, 2002.

Tugann an straitéis dhigiteach náisiúnta, *Leas a bhaint as Digitiú – Creat Digiteach na hÉireann*, tiomantas chun leanúint ag tógáil líonra láidir rialtóirí a bhfuil acmhainní imleora acu chun formhaoirseacht éifeacht a dhéanamh ar rialacháin dhigiteacha agus iad a chur i bhfeidhm. Ina ról mar rialtóir seirbhísí craolacháin, seirbhísí meán closamhairc ar éileamh agus seirbhísí ainmnithe ar líne, beidh Coimisiún na Meán mar chuid thábhachtach agus lárnach den líonra seo. Go háirithe, agus i dtreoir leis an Treoir SMCA athbhreithnithe, beidh Coimisiún na Meán freagrach as rialáil seirbhísí closamhairc ar éileamh agus seirbhísí ardán roinnte físeáin a bhunaítear sa Stát ar bhonn Aontas Eorpach (AE) uile agus ceapfar é mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na hÉireann (CSD) faoin Acht um Sheirbhísí Digiteacha an AE atá le teacht.

Mar chomhlacht a bhfuil sainchúram fairsing aige maidir le sábháilteacht ar líne, rialáil na meán agus tacú le forbairt earnáil na meán, beidh ról tábhachtach ag Coimisiún na Meán i gcur i bhfeidhm Thuarascáil Choimisiún Thodhchaí na Meán agus i nglacadh le feidhmeanna nua d'fhéadfaí a shannadh chuige faoi reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an AE amach anseo.

Aguisín a Dó

Creat Inniúlachta BAI

CREAT INNIÚLACHTA

Cad is Creat Inniúlachta ann?

Is éard is inniúlachtaí ann sraith iompraíochtaí, scileanna agus dearcthaí lena sonraítear an méid a mbeidh eagraíocht leis agus caighdeáin maidir le feidhmíocht. Faightear i gcreat inniúlachta roinnt inniúlachtaí atá curtha in ord tosaíochta ag eagraíocht. Mar thoradh ar an gcreat, bíonn tuairim ag gach duine maidir leis na scileanna agus na hiompraíochtaí a bhfuil meas orthu agus a ndéantar athbhreithniú orthu mar chuid den phróiseas bainistíochta feidhmíochta.

Cuireadh Creat Inniúlachta Údarás Craolacháin na hÉireann i dtoll a chéile chun feabhas a chur ar roinnt príomhphróiseas san eagraíocht, chun bonn eolais a chur fúthu agus chun iad a chomhtháthú. Beidh sé ina chuidiú d'Údarás Craolacháin na hÉireann a chumas a fhorbairt, a éifeachtúlacht a fheabhsú agus freastal ar na dúshláin agus na deiseanna a eascraíonn óna shainchúram nua agus óna struchtúr athbhreithnithe. Seo a leanas na próisis a mbeidh tionchar ag an gcreat orthu:

- Bainistíocht Feidhmíochta — *ag cabhrú chun próiseas bainistíochta feidhmíochta, atá éifeachtach, fiúntach agus comhsheasmhach, a chur ar fáil don fhoireann ar fad;*
- Próifílí Róil — *ag cabhrú chun próifílí róil cuimsitheacha agus soiléire a fhorbairt d'Údarás Craolacháin na hÉireann;*
- Earcaíocht — *ag cabhrú chun na daoine cearta a earcú agus tabhairt faoi earcaíocht agus roghnúchán spriocdhírithe;*
- Oiliúint agus Forbairt — *ag cabhrú chun pleananna forbartha aonair a chruthú agus riachtanais oiliúna eagraíochtúla a aithint;*
- Forbairt Bainisteoireachta — *ag cabhrú chun réimsí forbartha a shainiú do lucht bainistíochta Údarás Craolacháin na hÉireann.*

Conas a oibreoidh Creat Inniúlachta Údarás Craolacháin na hÉireann?

Tá deich n-inniúlacht i gCreat Inniúlachta Údarás Craolacháin na hÉireann, arna gcur i láthair i gceithre chnuasach a léiríonn luachanna eagraíochtúla agus a nascann le cultúr na heagraíochta.



Conas a Bhainim Úsáid as Creat Inniúlachta Údarás Craolacháin na hÉireann?

Sainmhínítear gach inniúlacht go ginearálta an chéaduair agus, ina dhiaidh sin, déantar scagadh orthu d'fhonn an méid a bhfuiltear ag súil leis i ngach leibhéal nó grád san eagraíocht a leagan amach. Chun tuiscint iomlán a fháil ar na riachtanais inniúlachta a bhaineann leatsa, is tábhachtach go n-amharcann tú ar an gcolún a bhaineann le do ghrádsa agus ar na colúin **go léir** roimhe sin, e.g.

Ba cheart d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) breathnú ar na hinniúlachtaí sna colúin a bhaineann le grád AOF, grád an Oifigigh Feidhmiúcháin (OF) agus grád an Oifigigh Cléireachais (OC).

Mar **bhall foirne**, ba cheart duit eolas a chur ar na hinniúlachtaí go léir[1] a shonraítear. Féach ar an gcaoi a mbaineann gach ceann díobh leatsa, le do chuid chuspóirí agus le do ról. Aimsigh réimsí ar bith ina gceapann tú go bhféadfadh tacaíocht a bheith de dhíth ort chun do chuid cuspóirí a bhaint amach. Déan machnamh ar do spriocanna gairme féin agus ar an dóigh a bhféadfadh an creat inniúlachta cabhrú leat d'fhorbairt fhadtéarmach a dhíriú. Bain leas as an gcreat inniúlachta chun cabhrú leat páirt a ghlacadh i do chruinnithe bainistíochta feidhmíochta agus próiseas dhá bhealach níos dinimiciúla a dhéanamh díobh.

Mar **bhainisteoir**, ba cheart duit breathnú ar na hinniúlachtaí ó thaobh d'fheidhmíochta agus d'fhorbartha féin de agus, lena chois sin, ó thaobh do thuarascálacha líne de. Is áis úsáideach é an creat le haghaidh an phróisis bainistíochta feidhmíochta. Tabharfaidh sé tacaíocht duit chun gnéithe feidhmíochta a phlé agus chun díriú isteach orthu. Chomh maith leis sin, cabhróidh sé leat an méid a bhfuiltear ag súil leis i dtaobh na gcuspóirí agus an róil, a leagan amach agus a shoiléiriú. A bhuíochas leis an gcreat, beidh tú ábalta aon cheisteanna feidhmíochta a phlé agus aiseolas cuiditheach a thabhairt. Ar deireadh, cabhraíonn an creat leat riachtanais oiliúna agus forbartha a aithint, duit féin agus do dhaoine eile.

Mar **bhainisteoir sinsearach** atá freagrach as foirne agus/nó acmhainní móra, is féidir leis an gcreat treoir a thabhairt do na próisis a bhaineann le pleanáil oibre agus leagan amach cuspóirí. Cabhraíonn sé leat breathnú ar na riachtanais scileanna i dtaca leis na cuspóirí agus aon riachtanais acmhainní, oiliúna agus forbartha a aithint don eagraíocht.

Is tábhachtach go mbeadh gach duine cleachta le Creat Inniúlachta Údarás Craolacháin na hÉireann. Má bhíonn tuilleadh tacaíochta ag teastáil, déan teagmháil le hAcmhainní Daonna nó le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh.

[1] Is í an Inniúlacht um Bainistíocht Daoine a bhaineann le grád AOF, grád an Phríomhoifigigh Chúnta (PC) agus grád an Phríomhoifigigh (PO), an eisceacht.

CREAT INNIÚLACHTA



RÉIMSE INNIÚLACHTA	INNIÚLACHTAÍ	SAINMHÍNIÚ
SMAOINTEOIREACHT	SMAOINTEOIREACHT STRAITÉISEACH	Cuspóir, straitéis agus spriocanna Údarás Craolacháin na hÉireann, agus an bhaint atá aige sin le do ról, a thuiscint. An comhthéacs ina bhfeidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann a thuiscint.
	CINNTEOIREACHT	Cinntí críonna tráthúla a dhéanamh atá cuí don fhreagracht atá ort.
	RÉITEACH FADHBANNA	Faisnéis a anailísiú agus a léirmhíniú. Smaoineamh ar réitigh. Feidhmiú as do stuaim féin agus a bheith toilteanach rudaí a oibriú amach.
TORTHAÍ	ÉIFEACHTACHT LE hACMHAINNÍ	Acmhainní eagraíochtúla (am, daoine, córais agus cúrsaí airgeadais) a úsáid go héifeachtach.
	FÓCAS AR PHÁIRTITHE LEASMHARA	Caidrimh a fhorbairt agus a bhainistiú le páirtithe leasmhara seachtracha.
	BAINISTÍOCHT DAOINE	Bainisteoirí ag bainistiú daoine, ag treorú daoine agus ag tacú le daoine, go héifeachtach, chun cuspóirí Údarás Craolacháin na hÉireann a bhaint amach.
DAOINE	CUMARSÁID SHOILÉIR	A chinntiú go seachadtar do theachtaireacht go cuí agus go dtuigtear í. Tacú le tuiscint agus le feasacht daoine eile.
	OBAIR FOIRNE	Tacú agus comhoibriú le do chomhghleacaithe chun torthaí a bhaint amach.
PEARSANTA	SOLÚBTHACHT	Cur chuige solúbtha a bheith agat maidir le hathruithe agus le faisnéis nua. A bheith in ann teacht isteach ar riachtanais agus ar chúinsí atá ag athrú.
	FOGHLAIM AGUS FEABHSÚ	Iarracht sheasta a dhéanamh do scileanna agus d'eolas a fhorbairt agus cleachtais oibre a fheabhsú. A bheith toilteanach glacadh le deiseanna nua foghlama. Tacú le foghlaim daoine eile.

SMAOINTEOIREACHT STRAITÉISEACH		Cuspóir, straitéis agus spriocanna Údarás Craolacháin na hÉireann, agus an bhaint atá aige sin le do ról, a thuiscint. An comhthéacs ina bhfeidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann a thuiscint.		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Léiríonn an duine an cumas treoir straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann a shocrú agus fís don eagraíocht a chur in iúl • Cuireann sé forbairt na straitéise eagraíochtúla chun cinn agus déanann sé maoirseacht ar a cur i bhfeidhm • Freagraíonn sé go híogair do thosaíochtaí polaitiúla agus eagraíochta níos leithne. Tá tuiscint eolach aige/aici ar an gcomhthéacs agus ar na spreagthóirí seachtracha • Freagraíonn sé do threochtaí agus do spreagthóirí a mbeidh tionchar acu ar an eagraíocht agus déanann sé réamhphleanáil ina leith	• Tá ról ríthábhachtach ag an duine chun plean straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann a cheapadh • Glacann an duine freagracht as baint amach na gcuspóirí eagraíochtúla agus déanann sé/sí maoirseacht ar phleanáil agus cur i gcrích an phlean oibre • Léiríonn an duine mioneolas ar spreagthóirí tionsclaíochta agus polaitíochta i gcomhthéacsanna náisiúnta agus idirnáisiúnta • Tuigeann an duine an tábhacht straitéiseach le himeachtaí agus/nó ceisteanna páirtithe leasmhara seachtracha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar phleananna nó ar thionscadail • Tá ról ríthábhachtach ag an duine sa straitéis eagraíochtúil, ó thaobh na habhcóideachta agus na cumarsáide de, agus cinntíonn sé/sí go gcoimeádtar an fhoireann ar an eolas faoi thosaíochtaí agus tionscadail na heagraíochta	• Tuigeann an duine plean straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann agus an ról atá aige/aici ina chur i bhfeidhm • Déanann an duine obair a phleanáil agus a chur i gcrích, atá ag teacht le cuspóirí straitéiseacha • Léiríonn an duine go bhfuil tuiscint aige/aici ar an gcomhthéacs seachtrach go náisiúnta agus go háitiúil • Is féidir leis an duine imeachtaí agus/nó ceisteanna páirtithe leasmhara/seachtracha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar phleananna nó tionscadail, a aithint • Cuireann an duine le ceapadh phlean straitéiseach na heagraíochta	• Déanann an duine plean straitéiseach Údarás Craolacháin na hÉireann a léirmhíniú agus is eol dó/di an ról atá aige/aici ina chur i bhfeidhm • Tuigeann an duine go gcaithfidh pleanáil aon tionscadail/aon phíosa oibre teacht leis an straitéis agus tuigeann sé/sí príomhghnéithe na straitéise • Léiríonn an duine eolas maith ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann agus tuigeann sé/sí an caidreamh atá idir Údarás Craolacháin na hÉireann agus a phríomhpháirtithe leasmhara	• Tuigeann an duine go bhfeidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann de réir plean straitéiseach agus tá tuiscint mhaith aige/aici ar phríomhthosaíochtaí eagraíochtúla. Is féidir leis an duine a c(h)uspóirí féin, agus an dóigh a gcuireann siad le cuspóirí eagraíochtúla, a chur in iúl • Tuigeann an duine an eagraíocht inmheánach agus tuigeann sé/sí an méid a chuireann gach cuid leis an eagraíocht • Léiríonn an duine feasacht ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann agus léiríonn sé/sí go bhfuil suim aige/aici inti agus is féidir leis/léi príomhpháirtithe leasmhara a aithint .

Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe

CINNTEOIREACHT		Cinntí críonna tráthúla a dhéanamh atá cuí don fhreagracht atá ort.		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Bíonn an cumas ann/inti ceisteanna breithiúnais tábhachtacha a dhéanamh i gcásanna ardbhrú, ardriosca agus/nó íogaire thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann • Bíonn an duine ag súil le rioscaí agus iarmhairtí agus á mbainistiú. Déanann an duine machnamh ar shonraí casta agus/nó contrártha agus baineann sé/sí ciall astu • Déanann an duine cultúr a thógáil a chothaíonn cinnteoireacht agus cuntasacht as cinntí a dhéantar • Cinntíonn sé go bhfuil struchtúir chinnteoireachta chuí agus éifeachtacha ann san eagraíocht	• Tá an duine in ann cinntí críonna a dhéanamh i gcásanna ardbhrú nó i gcásanna íogaire agus tá sé/sí ábalta cinntí a dhéanamh gan treoir, nuair is gá, thar ceann na heagraíochta • Bunaíonn an duine a b(h)reithiúnas ar bhailiú sonraí fónta, ar anailís riosca fhónta, eolas maith ar an tionscal agus pháirtithe leasmhara agus straitéisí fónta i gcoitinne • Tá an duine in ann déileáil le líon mór cinntí agus tá sé/sí in ann na ceisteanna is práinní a chur in ord tosaíochta • Tá an duine freagrach as na cinntí agus as na torthaí sa réimse freagrachta	• Baineann an duine leas as breithiúnas críonna agus cinntí á ndéanamh aige/aici atá tráthúil agus bunaithe ar fhianaise • Déanann an duine cinnte go bhfuil na cinntí ailínithe go straitéiseach • Tá an duine in ann cinntí is féidir a dhéanamh laistigh den leibhéal freagrachta a aithint, chomh maith leis na cinntí sin nach mór a chur ar aghaidh agus/nó a chur in ord tosaíochta • Léiríonn an duine freagracht as na cinntí a dhéantar	• Déanann an duine machnamh ar an bhfaisnéis dá bhfuil ar fáil agus iarrann sé/sí sonraí breise nuair is gá ar mhaithe le cinneadh eolach a dhéanamh • Déanann an duine machnamh ar iarmhairtí, tionchair agus impleachtaí na gcinntí a dhéantar	• Tuigeann an duine an próiseas cinnteoireachta a leantar in Údarás Craolacháin na hÉireann • Déanann an duine cinntí tráthúla laistigh de scóip an róil • Aithníonn an duine cásanna inar gá do dhaoine eile cinntí a dhéanamh agus déanann sé/sí iad a chur in iúl go cuí

Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe

RÉITEACH FADHBANNA		Faisnéis a anailísiú agus a léirmhíniú. Smaoineamh ar réitigh. Feidhmiú as do stuaim féin agus a bheith toilteanach rudaí a oibriú amach.		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Cruthaíonn an duine cultúr ina léirítear meas ar a bheith ag obair as a stuaim féin agus réiteach fadhbanna agus cuireann sé/sí chun cinn iad • Cuireann an duine nuálaíocht, smaointeoireacht chruthaitheach agus anailís chun cinn • Déanann sé eolas ábhartha a chomhshamhlú agus a léirmhíniú go tapa chun buncheisteanna agus réitigh bhunúsacha a aithint	• Tá an duine in ann teacht ar chonclúidí agus díriú isteach ar cheisteanna ríthábhachtacha • Léiríonn an duine saineolas chun faisnéis ábhartha a bhaineann le ceist ar bith a aimsiú agus a anailísiú • Amharcann an duine ar fhadhbanna ón uile thaobh agus aithníonn sé/sí fasaigh, treochtaí nó caidrimh idir ceisteanna • Ceapann an duine réitigh struchtúrtha éifeachtacha ar fhadhbanna, agus tagairt á déanamh aige/aici don bheartais chuí nó comhthéacs straitéiseach • Cuireann an duine ar chumas na mball foirne fadhbanna a anailísiú agus teacht ar réitigh, agus tugann sé/sí tacaíocht dóibh ina leith sin	• Léiríonn an duine grinneas agus go dtuigeann sé/sí an fhaisnéis a bhaineann le fadhb ar leith • Tá an duine in ann sonraí a aimsiú agus a anailísiú agus tá sé/sí ábalta réitigh a aithint chun ceisteanna a réiteach • Cuireann an duine sonraí agus conclúidí i láthair ar bhealach loighciúil a bhfuil údar leis • Iarrann an duine tuairimí daoine eile ar mhaithe lena t(h)uairim agus lena smaointe féin a thriail	• Aithníonn an duine fadhbanna agus déanann sé/sí iarracht iad a réiteach • Tagann an duine ar chonclúidí réasúnacha atá bunaithe ar fhianaise • Léiríonn an duine tionscnaíocht trí fheabhsúcháin a mholadh agus aghaidh a thabhairt ar an obair gan barraíocht treorach • Léiríonn an duine cur chuige réamhghníomhach agus tuigeann sé/sí nuair a bhíonn cabhair ag teastáil	• Baineann an duine leas as taithí agus ciall chun ceisteanna a thuiscint agus fadhbanna a réiteach • Tacaíonn an duine go gníomhach le réiteach fadhbanna trí fhaisnéis ábhartha a aimsiú agus a athbhreithniú do chomhghleacaithe • Léiríonn an duine tionscnaíocht trí réitigh nó trí fheabhsúcháin a mholadh agus trí thascanna atá le cur i gcrích a aithint

Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe

ÉIFEACHTACHT LE hACMHAINNÍ		Acmhainní eagraíochtúla (am, daoine, córais agus cúrsaí airgeadais) a úsáid go héifeachtach.		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Acmhainní a ailíniú agus daoine agus scileanna a úsáid chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach • Déanann sé réamh-mheas ar riachtanais scileanna agus eolais amach anseo agus forbraíonn sé na scileanna agus an t-eolas céanna i measc na foirne • Cinntíonn an duine go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí agus leordhóthanacha i bhfeidhm chun bainistíocht tionscadail éifeachtach, bainistíocht airgeadais éifeachtach agus bainistiú sonraí a chinntiú laistigh den eagraíocht • Bainistíonn an duine coimhlint agus athrú ar bhealaí a chinntíonn go bhfeidhmíonn an eagraíocht go héifeachtach agus go gcomhlíonann sí a cuid spriocanna • Cuireann sé cultúr a fhéachann le luach acmhainní a uasmhéadú chun cinn agus déanann sé an cultúr seo a fhorbairt	• Déanann an duine tionscadail a phleanáil agus a bhainistiú go héifeachtach d'fhonn an leithdháileadh acmhainní is fearr agus amanna réalaíocha a chinntiú • Tuigeann an duine an mórphictiúr airgeadais agus tá sé/sí eolach ar dhúshláin agus ar spreagthóirí maoiniúcháin don eagraíocht • Déanann an duine bainistiú ar réimse tionscadal de chuid na heagraíochta agus tuigeann sé/sí conas iad a chur in ord tosaíochta go héifeachtach agus a seachadadh a chinntiú • Cinntíonn an duine go mbíonn an oiread maoiniúcháin agus is féidir ar fáil agus go mbíonn luach ar airgead le sonrú san uile réimse	• Déanann an duine a (h)obair féin agus obair na mball foirne a phleanáil agus a eagrú ar mhaithe le cuspóirí a bhaint amach taobh istigh d'amscálaí comhaontaithe • Déanann an duine bainistiú éifeachtach de réir chaighdeáin na heagraíochta um bainistíocht tionscadal • Cinntíonn an duine go leithdháiltear an caiteachas buiséid uile i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais na heagraíochta • Tugann an duine faoi phleanáil airgeadais agus coinníonn sé/sí taifid airgeadais shásúla • Baineann an duine an úsáid is fearr agus is féidir as acmhainní na heagraíochta chun torthaí a bhaint amach	• Déanann an duine a (h)obair féin a phleanáil agus a eagrú ar mhaithe le cuspóirí a bhaint amach taobh istigh d'amscálaí comhaontaithe • Tá an duine eolach ar thosaíochtaí na heagraíochta agus cuireann sé/sí a (h)obair féin in ord tosaíochta mar is cuí • Baineann an duine úsáid éifeachtúil as acmhainní na heagraíochta agus cuireann sé/sí leo, mar shampla Córais TF, córas chomhdúcháin, etc. • Cloíonn an duine le nósanna imeachta airgeadais agus tacaíonn sé/sí le coinneáil taifead airgeadais sásúil • Féachann an duine le héifeachtúlacht chostais a bhaint amach i ngach próiseas ceannaigh agus soláthair	• Cuireann an duine obair agus am in eagar agus in ord tosaíochta go héifeachtach • Léiríonn an duine go bhfuil saineolas aige/aici ar chórais faisnéise agus ar chomhdúcháin na heagraíochta • Cinntíonn an duine go dtugtar faoi aon fhreagracht acmhainní eagraíochtúla (e.g. stáiseanóireacht) go héifeachtúil agus ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costas de.

Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe

FÓCAS AR PHÁIRTITHE LEASMHARA		Caidrimh a fhorbairt agus a bhainistiú le páirtithe leasmhara seachtracha.		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Cothaíonn agus bainistíonn an duine caidrimh straitéiseacha le páirtithe leasmhara agus cinntíonn sé/sí go gcuirtear tuairim Údarás Craolacháin na hÉireann in iúl i gcomhthéacsanna náisiúnta agus idirnáisiúnta araon • Cinntíonn an duine go bhfuil tacaíochtaí agus bearta cuí i bhfeidhm ar mhaithe le bheith siúráilte de go bhfuil sármhaitheas le sonrú ar fud na heagraíochta ó thaobh an chaidrimh le páirtithe leasmhara de • Déanann an duine freastal ar éilimh na ngrúpaí páirtithe leasmhara, arb éilimh iad a d'fhéadfadh teacht salach ar a chéile, agus déanann sé/sí cinnte go gcuirtear na príomhthosaíochtaí eagraíochtúla in iúl go héifeachtach • Cinntíonn an duine go gcuirtear faisnéis ábhartha faoi na grúpaí páirtithe leasmhara in iúl ar fud na heagraíochta	• Tuigeann an duine na difríochtaí atá idir na grúpaí páirtithe leasmhara agus conas ba cheart caidrimh a bhainistiú agus a fhorbairt • Cuireann an duine le bainistíocht na bpáirtithe leasmhara go gníomhach agus forbraíonn sé/sí cineálacha cur chuige agus straitéisí cumarsáide chun caidrimh a chur chun feabhais • Tá idir dhearcadh láithreach agus dhearcadh fadtéarmach ag an duine maidir le bainistíocht a dhéanamh ar an gcaidreamh le páirtithe leasmhara • Cuireann an duine impleachtaí agus tionchair a imrítear ar pháirtithe leasmhara san áireamh ar bhonn córasach. Tuigeann an duine riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus bíonn sé/sí ag súil leo • Léiríonn an duine go bhfuil cumas aige/aici coimhlintí nó ceisteanna dúshlánacha a bhaineann le páirtithe leasmhara a bhainistiú go muiníneach agus go cuí	• Cruthaíonn an duine caidrimh chuí le páirtithe leasmhara agus léiríonn sé/sí tuiscint shoiléir ar an dóigh a ndéantar a riachtanais féin, chomh maith le riachtanais na heagraíochta, a bhainistiú • Aithníonn an duine deiseanna agus cineálacha cur chuige nuálacha chun caidreamh le páirtithe leasmhara a fhorbairt, idir chaidreamh seanbhunaithe agus chaidreamh nuabhunaithe • Déanann an duine teagmháil le páirtithe leasmhara go rialta d'fhonn cumarsáid atá cothrom le dáta agus ábhartha a chinntiú • Léiríonn an duine go bhfuil sé/sí eolach ar cheisteanna a bhaineann le páirtithe leasmhara agus déanann sé/sí machnamh ar impleachtaí/ar thionchair a imrítear ar thionscadail	• Léiríonn an duine go bhfuil tuiscint dhomhain aige/aici ar pháirtithe leasmhara Údarás Craolacháin na hÉireann agus ar an gcineál caidrimh atá acu leis an eagraíocht. • Cothaíonn an duine comhbhá le páirtithe leasmhara agus cuireann sé/sí seirbhís éifeachtúil, ghairmiúil, bhéasach ar fáil	• Tá eolas ag an duine ar phríomhpháirtithe leasmhara Údarás Craolacháin na hÉireann agus déanann sé/sí iarracht an t-eolas is úire a fháil ar bhonn rialta • Caitheann an duine go cabhrach, go béasach agus go gairmiúil le páirtithe leasmhara seachtracha i gcónaí • Cinntíonn an duine go ndéantar athrú ar bith ar fhaisnéis teagmhála na bpáirtithe leasmhara a chur in iúl agus a thaifeadadh mar is cuí

Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe

BAINISTÍOCHT DAOINE		Bainisteoirí ag bainistiú daoine, ag treorú daoine agus ag tacú le daoine, go héifeachtach, chun cuspóirí Údarás Craolacháin na hÉireann a bhaint amach.		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Feidhmeanna agus acmhainní a ailíniú agus daoine agus scileanna a úsáid chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach • Tugann an duine treoir. Duine a fhorbraíonn cumas don eagraíocht torthaí a sheachadadh, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus forbairt leanúnach a dhéanamh • Cruthaíonn an duine cultúr d'ardfheidhmíocht agus de bhainistíocht éifeachtach daoine	• Déanann an duine treoir agus pleananna nithiúla d'fhís agus de bheartais • Socraíonn an duine róil agus freagrachtaí na foirne agus cinntíonn sé/sí go nglacann daoine aonair agus foirne úinéireacht ar chuspóirí • Spreagann an duine foirne agus déanann sé/sí iad a stiúradh chun spriocanna a bhaint amach, cuspóirí a chur i crích agus constaicí a shárú • Cuireann an duine oiliúint ar bhaill foirne agus tacaíonn sé/sí lena bhforbairt • Déanann an duine tosaíochtaí, amlínte agus bearta feidhmíochta a aithint agus a chur in iúl • Iarrann an duine ionchur agus smaointe ar an bhfoireann, agus cuireann sé/sí cur chuige comhoibríoch chun cinn	• Glacann an duine páirt ghníomhach i leagan amach a c(h)uid cuspóirí féin • Cuireann an duine tosaíochtaí na heagraíochta in iúl agus socraíonn sé/sí cuspóirí foirne agus daoine aonair dá réir • Tugann an duine treoir don fhoireann chun cuspóirí a bhaint amach agus tacaíonn sé/sí lena bhforbairt leanúnach • Déanann an duine bainistiú ar fheidhmíocht de réir chaighdeáin na heagraíochta um bainistíocht feidhmíochta • Tá a fhios ag an duine cad is fheidhmíocht mhaith ann agus tugann sé/sí aitheantas di. Tugann sé/sí aghaidh ar cheisteanna feidhmíochta		

Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe

CUMARSÁID SHOILÉIR		A chinntiú go seachadtar do theachtaireacht go cuí agus go dtuigtear í. Tacú le tuiscint agus le feasacht daoine eile.		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Misean, fís agus luachanna na heagraíochta a chur in iúl agus a chur chun cinn do lucht spéise inmheánach agus seachtrach araon • Duine a aistríonn straitéis eagraíochtúil go teachtaireachtaí oibríochta soiléire, éifeachtacha • Duine a chuireann cultúr cumarsáide oscailte chun cinn san eagraíocht agus a chinntíonn go ndéantar próisis a fhorbairt agus a chothabháil chun tacú le cumarsáid ag gach leibhéal • Duine a chruthaíonn cumarsáid oscailte agus a dhéanann í a chothabháil maidir le hacmhainní, tosaíochtaí agus ionchais	• Spreagann an duine, meallann sé/sí agus faigheann sé/sí tacaíocht trí fhaisnéis shoiléir ábhartha a chur i láthair • Cinntíonn an duine go mbíonn an chumarsáid uile le comhaltaí Boird agus le comhaltaí Coiste Údarás Craolacháin na hÉireann ar ardchaighdeán agus go seachadtar í mar is cuí • Cinntíonn an duine go dtuigeann na baill foirne na príomhchuspóirí, na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí • Tá an duine in ann tuairim Údarás Craolacháin na hÉireann a chur in iúl go seachtrach agus go hinmheánach lena n-áirítear, nuair is gá, ag imeachtaí móra, comhdhálacha agus/nó coinní leis na meáin • Éascaíonn an duine plé ar mhaithe le torthaí soiléire a bhaint amach agus déanann sé/sí cathaoirleacht ar an bplé sin	• Déanann an duine faisnéis idir scríofa agus labhartha, a chur in iúl go húdarásach. Cuireann sé/sí teachtaireachtaí in iúl go háititheach • Cuireann an duine dearcthaí in iúl go gonta agus is féidir leis/léi iad a chosaint go cuí • Tá an duine in ann cumarsáid a dhéanamh agus stíleanna éagsúla in úsáid aige/aici. Is féidir leis/léi an teanga agus an stíl a chur in oiriúint do riachtanais an phobail • Bíonn an duine ar a s(h)uaimhneas cur i láthair a dhéanamh os comhair grúpaí móra agus teachtaireachtaí eagraíochtúla a thabhairt don phobal inmheánach agus don phobal seachtrach araon • Déanann an duine cumarsáid le baill foirne agus le bainisteoirí go rialta agus go héifeachtach maidir le forbairtí nó ceisteanna tionscadail agus eagraíochtúla araon	• Léiríonn an duine scileanna maithe idirphearsanta agus is féidir leis/léi cumarsáid duine le duine nó cumarsáid ghrúpa a dhéanamh ar agus é/í ar a s(h)uaimhneas • Tá tuiscint ag an duine ar theicneolaíochtaí agus ar bhealaí cumarsáide na heagraíochta agus ar an gcaoi le hiad a úsáid go héifeachtach • Léiríonn an duine scileanna éifeachtacha dréachtaithe, leagain amach agus dearaidh • Léiríonn an duine dea-scileanna rialaithe cáilíochta agus mionchruinnis i dtaca le cumarsáid scríofa, e.g. cáipéisí an Bhoird	• Éisteann an duine go cúramach agus cuireann sé/sí ceisteanna lena chinntiú go dtuigeann sé/sí an méid a dúradh i gceart • Déanann an duine cumarsáid bhéasach ghairmiúil go hinmheánach agus go seachtrach • Déanann an duine cinnte go bhfreastalaíonn cumarsáid scríofa Údarás Craolacháin na hÉireann ar chaighdeáin na heagraíochta agus go bhfuil sí leagtha amach, profáilte agus curtha i láthair mar is ceart • Déanann an duine cumarsáid ó bhéal agus i scríbhinn go soiléir gonta

		• Tá an duine in ann tuairisciú agus cumarsáid scríofa d'ardchaighdeán a dhéanamh thar ceann na heagraíochta i gcomhréir le caighdeáin Bhord Údarás Craolacháin na hÉireann		
		Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe		
OBAIR FOIRNE		**Tacú agus comhoibriú le do chomhghleacaithe chun torthaí a bhaint amach.**		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Duine a thógann eagraíocht a bhfuil meas aici ar chomhoibriú agus ar obair foirne agus sin a chur chun cinn • Duine a thógann foirne bainistíochta éifeachtacha agus iad a chothabháil agus a thugann chun cuntais iad	• Cothaíonn agus forbraíonn an duine meanma mhaith, comhoibriú foirne agus timpeallacht dhearfach oibre do na foirne • Cuireann an duine an méid a bhfuiltear ag súil leis i leith obair foirne agus comhoibriú in iúl • Cinntíonn an duine go bhfuil na foirne oilte, go ndéantar bainistiú orthu agus go gcuirtear acmhainní ar fáil dóibh mar is cuí • Pléann an duine ceisteanna le baill foirne agus cabhraíonn sé/sí lena réiteach • Tugann an duine aitheantas don iarracht agus don méid a dhéanann baill foirne ar bhonn aonair	• Leagann an duine síos róil agus freagrachtaí na mball foirne go héifeachtach • Spreagann an duine baill foirne, déanann sé/sí iad a chumasú agus tugann sé/sí aitheantas don méid a dhéanann siad • Cuireann an duine cumarsáid oscailte mhacánta rialta chun cinn i measc na mball foirne • Freagraíonn an duine d'iarratais ón bhfoireann, agus pléann sé/sí leis na hiarratais sin, ar bhealach dearfach tráthúil	• Oibríonn an duine go comhoibríoch agus go solúbtha le baill eile den fhoireann • Cuidíonn an duine chun cumarsáid a choinneáil leis an bhfoireann Roinneann sé/sí faisnéis ábhartha • Glacann an duine freagracht as an obair agus coinníonn sé/sí baill foirne eile ar an eolas maidir le dul chun cinn agus/nó ceisteanna	• Freagraíonn an duine go cabhrach agus go dearfach d'iarratais ar chúnamh agus ar thacaíocht • Cuireann an duine leis an iarracht a spriocanna a bhaint amach laistigh den fhoireann • Tá an duine toilteanach labhairt amach agus tuairimí agus dearcthaí a chur in iúl

		• Déanann an duine monatóireacht ar fheidhmíocht na foirne agus tugann sé/sí aghaidh ar cheisteanna feidhmíochta ar bhealach tairbheach • Glacann an duine freagracht as baint amach a t(h)orthaí féin agus torthaí na foirne		
			Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe	

SOLÚBTHA CHT	Cur chuige solúbtha a bheith agat maidir le hathruithe agus le faisnéis nua. A bheith in ann teacht isteach ar riachtanais agus ar chúinsí atá ag athrú.			
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Tá cumas ag an duine fís don athrú a chur in iúl go héifeachtach • Bíonn an duine ag súil le hathruithe agus freagraíonn sé/sí dóibh. Cinntíonn sé/sí go bhfuil an eagraíocht sách solúbtha d'fhonn freastal ar riachtanais atá ag athrú	• Tá cumas ag an duine athruithe a thionscnamh agus a spreagadh i gcomhar lena c(h)omhghleacaithe • Athraíonn an duine na cuspóirí nó na pleananna a bhí ann ar dtús nuair is gá, ar mhaithe leis na torthaí is fearr agus is féidir a chinntiú • Déanann an duine eiseamláiriú ar an tsolúbthacht agus ar an gcur chuige dearfach i leith athruithe san eagraíocht • Tugann an duine tacaíocht don fhoireann le go mbeidh siad ábalta dul i dtaithí ar athruithe agus cinntíonn sé/sí go gcuirtear faisnéis agus/nó riachtanais nua in iúl go críochnúil	• Tá an duine freagrúil agus oscailte i leith athruithe • Tá an duine in ann teacht isteach go tapa ar chásanna, deiseanna nó rioscaí nua • Spreagann an duine forbairt na solúbthachta i bhfoirne agus i ndaoine aonair agus tacaíonn sé/sí leis an méid sin • Déanann sé machnamh réamhghníomhach ar impleachtaí an athraithe ar thionscadail, ar fhoirne agus ar pháirtithe leasmhara	• Tá an duine ábalta dul i dtaithí go héasca ar athruithe ar chleachtais oibre, riachtanais agus/nó tionscadail nua • Is féidir leis an duine a stíl oibre agus a stíl chumarsáide a chur in oiriúint do riachtanais tionscadail nó foirne	• Tá cur chuige solúbtha oscailte ag an duine maidir le cásanna oibre atá ag athrú • Tá an duine toilteanach cúraimí nua a chomhlíonadh de réir mar a éilíonn ceanglais oibríochta • Tá an duine ábalta dul i dtaithí go tapa ar bhealaí nua le rudaí a dhéanamh

Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe

FOGHLAIM AGUS FEABHSÚ		Iarracht sheasta a dhéanamh do scileanna agus d'eolas a fhorbairt agus cleachtais oibre a fheabhsú. A bheith toilteanach glacadh le deiseanna nua foghlama. Tacú le foghlaim daoine eile.		
PO	**PC**	**AOF**	**OF**	**OC**
• Socraíonn an duine straitéisí a chothaíonn timpeallacht thacúil atá dírithe ar an bhfoghlaim • Cothaíonn sé deiseanna don fhoireann forbairt agus fás a dhéanamh san eagraíocht • Bíonn an duine de shíor ag lorg feabhais i bpróisis na heagraíochta • Duine a dhéanann réamh-mheas ar athruithe sa timpeallacht inmheánach agus sheachtrach agus a dhéanann oiriúnú dá réir	• Déanann an duine athbhreithniú agus/nó forbairt ar nósanna imeachta agus beartais agus déanann sé/sí a c(h)uid lena gcur i bhfeidhm • Bíonn an t-eolas is déanaí ag an duine faoi fhorbairtí agus faoi cheisteanna tionscail, go hinmheánach agus go seachtrach • Tugann an duine aiseolas oscailte, tráthúil, cuiditheach don fhoireann • Cruthaíonn an duine foirne tacúla atá dírithe ar an bhforbairt agus cinntíonn sé/sí go mbíonn deiseanna ag gach ball foirne scileanna agus taithí a fhorbairt	• Cabhraíonn an duine le forbairt na mball foirne agus na dtuarascálacha líne • Déanann an duine iarracht feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí, ar cháilíocht seirbhíse agus ar an bhfreagrúlacht laistigh de scóip an róil • Bíonn an duine ag lorg deiseanna chun cur lena (h)eolas agus taithí agus cuireann sé/sí fáilte roimh dhúshláin nua • Cuireann an duine foghlaim agus forbairt daoine eile chun cinn agus glacann sé/sí páirt san obair sin	• Aithníonn an duine deiseanna chun scileanna, eolas agus taithí a fhorbairt • Léiríonn an duine feasacht ar a láidreachtaí agus a laigí féin maidir le feidhmíocht agus tá sé/sí toilteanach aghaidh a thabhairt orthu • Roinneann an duine faisnéis agus smaointe le daoine eile go fonnmhar • Molann an duine feabhsúcháin ar na modhanna oibre atá ann faoi láthair	• Bíonn an duine ag lorg deiseanna chun scileanna agus eolas a fhorbairt • Léiríonn an duine go bhfuil sé/sí sásta foghlaim agus forbairt • Cuireann an duine a bhfoghlaimíonn sé/sí i bhfeidhm ina ról

Amharc ar na hinniúlachtaí a bhaineann le do ghrád reatha agus ar na hinniúlachtaí a tháinig roimhe